COLÁISTE GHLÓR NA MARA
BAILE BRIGÍN
MEAS

Nios mó ná scoil... pobal!

Foghlaim
Féiniúlacht
Deiseanna
Pobal
Todhchaí



Leabhrán Eolais 2026-2027

Prospectus 2026-2027



AN FORAS PÁTRÚNACHTA

COLÁISTE GHLÓR NA MARA MEAS

MEAS • FOGHLAIM • POBAL • DEISEANNA • TODHCHAÍ

A brighter future, together

COLÁISTE GHLÓR NA MARA
BAILE BRIGÍN

Pobal | Oideachas | Deiseanna | Todhchaí



Fáilte ón bPríomhoide

Fáilte romhaibh chuig leabhrán eolais Choláiste Ghlór na Mara 2026/27.
Tá súil againn go dtabharfaidh an leabhrán seo blaiseadh beag daoibh d'ár bpobal scoile. Táimid ana mhóralach as ár ndaltaí, ár múinteoirí agus foireann uile na scoile. Cuirtear béim ar dhul chun cinn acadúil agus pearsanta gach uile dalta sa scoil anseo i gColáiste Ghlór na Mara.

Bhíomar 10 mbliain ar an bhfód in 2024. Thosaigh an scoil le 27 dalta i 2014 agus tá níos mó ná 500 dalta ag freastal ar an scoil anois. Freastalaíonn an scoil ar dhaltaí Bhaile Brigín, Contae Átha Cliath thuaidh, oirthear na Mí agus an Lú theas.

S'í an Ghaeilge croílár gach gné dár saol scoile. Táimid thar a bheith bródúil as ár dteanga agus tiomanta í a chaomhnú agus a threisiú. Úsáidtear iPadanna agus modhanna teagaisc agus foghlama nuálacha sa scoil. Tá córas cuimsitheach tréadchúraim againn sa scoil.

Tá ár bhfoireann iontach teagaisc na scoile dírithe ar an deis a thabhairt do gach uile dalta barr a gcumas a bhaint amach i ngach gné de shaol na scoile.

Bainigí taitneamh as súil a chaitheamh ar éachtaí acadúla, spóirt, ceoil, eolaíochta agus teangan ár ndaltaí reatha agus ár n-iarscoláirí. Ba bhreá linn sibh d'fheiscint anseo ar láthair na scoile. Míle fáilte romhaibh, a chairde!

Principal's Welcome

Welcome to Coláiste Ghlór na Mara!
We hope this prospectus will give you an insight into our school community. We're so proud of our students, teachers and of the entire school staff. We place an emphasis on each student's academic and personal progress here in Coláiste Ghlór na Mara.

In 2024, we celebrated our 10th anniversary. In 2014, we opened with 27 students and we now have over 500 students enrolled with us from Balbriggan, North Dublin, East Meath and South Louth.

The Irish language is in the heart and soul of everything we do here in CGNM. We are so proud of An Ghaeilge and we are driven to the promotion and preservation of our native language. We use iPads as our primary tool for learning and teaching and we also promote various modern pedagogies in our classrooms. We also have a comprehensive care and wellbeing programme here in our school.

Our amazing teaching staff are focused on providing every student with the opportunity to reach their potential in every aspect of school life.

Throughout this prospectus, we hope you'll enjoy reading about our students' achievements; academic, sporting, scientific, linguistic and otherwise. We are so looking forward to welcoming you to our open evening on Thursday 24th September.

Míle fáilte romhaibh, a chairde!



Maedhbh Daltún

Maedhbh Daltún, Príomhoide

Mol an Óige agus Tiocfaidh Sí



Tá dlúthchaidreamh againn lenár mbunscoileanna agus cuirtear aithne ar ár ndaltaí sula dtagann siad chugainn. Tagann daltaí chugainn dár gceoldráma bliantúil, d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge agus don Oíche Oscailte, agus tugann muidne cuairt orthu le haghaidh díospóireachtaí, ceoil, cainteanna agus ár gcuairteanna bliantúla. Cuidíonn an comhoibriú seo linn freastal ar riachtanais gach dalta agus an t-aistriú chuig Coláiste Ghlór na Mara a dhéanamh chomh réidh agus chomh dearfach agus is féidir. Leanann an tacaíocht sin lenár gclár **Tús Maith**, a chabhraíonn lenár ndaltaí socrú isteach sa chéad bhliain, cairdeas a chruthú agus tabhairt faoin gcéim nua seo le muinín.

We have a close relationship with our feeder primary schools and begin getting to know our students before they even arrive with us. Pupils visit us for our annual musical, Seachtain na Gaeilge activities and Open Evening, while we regularly visit their schools for debates, music, talks and our annual welcome visits. This partnership helps us understand and support each incoming student, making the transition to Coláiste Ghlór na Mara as smooth and positive as possible. Our Tús Maith programme continues that support, helping First Years settle in, build friendships and begin this exciting new chapter with

COLÁISTE GHLÓR NA MARA
BAILE BRIGÍN
Pobal | Oideachas | Deiseanna | Tadhchaí

Cad a cheapann ár ndaltaí ó Bhliain 1?
What do our First Years think?

Guth Bhliain 1
First Year Voices



"Is breá liom an currái sicín sa cheaintín!
I love the chicken curry from the canteen!"

Joseph
Gaelscoil an Bhradáin Feasa



"Is breá liom na hábhair nua ar fad – go háirithe Ealaín, Spáinnis agus Eacnamaíocht Bhaile!
I love all the new subjects – especially Art, Spanish and Home Economics!"

Hannah
Gaelscoil Ros Eo



"Is breá liom mo mhúinteoirí nua!
I love my new teachers!"

Nathan
Gaelscoil Bhrian Bóroimhe



"Is breá liom an foirgneamh – tá sé chomh mór, geal agus fáilteach!
I love the school building – It's so big, bright and welcoming!"

Méabh
Gaelscoil na Mí



"Is breá liom go n-úsáidimid an iPad i ngach ábhar!
I love that we use the iPad in all our subjects!"

Cian
Scoil an Duinninínigh



"Is breá liom an spórt ar fad! Is féidir linn imirt sa chlós, spórt a dhéanamh sa rang Corpoideachais agus páirt a ghlacadh sna foirne scoile.
I love all the sport here! We can play in the yard, enjoy sport in PE and join school teams."

Lucy
Gaelscoil Bhaile Brigín

Do chéad bhliain. Do chairde. Do scoil.
Your first year. Your friends. Your school.



Rúnaí Gráinne - Múinteoir Fiachra - Príomhoide Maedhbh

Cinnirí na Scoile, 2026-2027

Foireann Timpeall Ort
A Team Around You

I gColáiste Ghlór na Mara, tá pobal láidir tacaíochta timpeall ar gach dalta. Ón bPríomhoide, an Leas-Phríomhoide agus an Rúnaí go dtí ár gCeannairí Bliana, Múinteoirí agus Cinnirí. Bíonn aghaidheanna cairdiúla agus daoine iontaofa ar fáil i gcónaí chun treoir, tacaíocht agus fáilte a thabhairt. Is cuid lárnach dár scoil é guth na ndaltaí, agus oibríonn ár gcinnirí i gcomhar leis an bhfoireann chun pobal dearfach, measúil agus fáilteach a chruthú.

At Coláiste Ghlór na Mara, every student is surrounded by a strong community of support. From our Principal, Deputy Principal and Secretary to our Year Heads, Tutors, teachers and student prefects. There are always familiar faces and trusted people ready to offer guidance, support and a warm welcome. Student voice is central to our school, with our prefects working alongside staff to help create a positive, respectful and welcoming community.





An tSraith Shóisearach
Junior Cycle (3 years)

Croí-Ábhair
Core Subjects

- **Gaeilge** Irish
- **Mata** Mathematics
- **Béarla** English
- **Tíreolaíocht** Geography
- **Stair** History
- **Eolaíocht** Science

- **OSSP** Civic, Social & Political Education
- **OSPS** Social, Personal & Health Education
- **Corpoideachas** Physical Education

Ábhair Roghnacha
Optional Subjects

- **Spáinnis** Spanish
- **Fraincis** French
- **Teicneolaíocht an Adhmaid** Wood Technology
- **Ealaín** Art
- **Ceol** Music

- **Eacnamaíocht Bhaile** Home Economics
- **Gnó** Business
- **Gearrchúrsaí** Short Courses

Deiseanna gan teorainn



Pobal



Fás

Tuilleadh ná ranganna

More than a classroom



Eispéiris



Cairdeas



Cruthaitheacht



Turas

An Idirbhliain
Transition Year

Is clár bliana í an Idirbhliain a chruthaíonn droichead idir an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach. Tugann sí deis dár ndaltaí fás, aibíocht agus neamhspleáchas a fhorbairt, scileanna nua a aimsiú agus blaiseadh a fháil den saol lasmuigh den seomra ranga.

Cuirimid clár leathan spreagúil ar fáil, le modúil ar nós Erasmus+, Litearthacht Dhigiteach, Ceoldrámaíocht, Teoiric Tiomána, Gairmthreoir, Fealsúnacht, Teanga Chomharthaíochta, Sínis, Turasóireacht, Iriseoireacht, Grianghrafadóireacht, Junk Kouture agus Ceannairí don Todhchaí.

Glacann daltaí páirt freisin i dtaithí oibre le fostóirí dá rogha féin, rud a thugann léargas luachmhar dóibh ar shaol na hoibre agus ar na deiseanna atá rompu.

Transition Year is a one-year programme that bridges Junior and Senior Cycle, giving our students the space to grow in confidence, maturity and independence, discover new skills and experience learning beyond the traditional classroom.

Our varied and exciting programme includes modules such as Erasmus+, Digital Literacy, Musical Theatre, Driving Theory, Careers, Philosophy, Sign Language, Chinese, Tourism, Journalism, Photography, Junk Kouture and GAA Future Leaders.

Students also undertake work experience with employers of their choice, gaining valuable insight into the world of work and the opportunities that lie ahead.

Modúil/Modules Include:

- Erasmus+
- Litearthacht Dhigiteach / Digital Literacy
- Ceoldrámaíocht / Musical Theatre
- Teoiric Tiomána / Driving Theory
- Gairmthreoir / Careers
- Fealsúnacht / Philosophy
- Teanga Chomharthaíochta / Sign Language
- Sínis / Chinese
- Turasóireacht / Tourism
- Iriseoireacht / Journalism
- Grianghrafadóireacht / Photography
- Junk Kouture
- Ceannairí don Todhchaí / GAA Future Leaders

POBAL | FOGHLAIM | EISPÉIRIS | FÁS | FORBAIRT

Deiseanna gan teorainn



Clár na hArdteistiméireachta
Leaving Certificate Programme (2 years)

Níos mó Deiseanna

Your Future Our Focus

Croí-Ábhair:
Core Subjects:

- Gaeilge/Irish
- Béarla/English
- Mata/Mathematics

Ábhair Roghnacha
Optional Subjects:

Spáinnis/ Spanish	Fraincis/ French	Staidéar Foirgníochta/ Construction Studies
Eacnamaíocht Bhaile/ Home Economics	Gnó/Business	Ceol/Music
Stair/History	Tíreolaíocht/Geography	Ealáin/Art
Bitheolaíocht/Biology	Ceimic/Chemistry	Fisic/Physics
Corpoideachas/ Physical Education	GAFI/Climate Action & Sustainable Development	Polaitíocht & An tSochaí/ Politics & Society

Foghlaim • Fás • Deiseanna • Todhchaí Níos Gile





Níos mó ná seomra ranga

More than a classroom









ETIMF/STEAM

Tá ETIMF (STEAM) fite fuaite i gcuraclam Choláiste Ghlór na Mara. Bainteann muid úsáid as teicneolaíocht Apple iPad 1:1 chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim, agus cruthaíonn ár múinteoirí notaí agus acmhainní digiteacha ardchaighdeáin trí Ghaeilge, atá curtha in oiriúint do riachtanais fhoghlama ár ndaltaí.

In 2024, d'ainmnigh Kinia Coláiste Ghlór na Mara mar **'Scoil na Bliana'**, mar aitheantas ar obair na scoile i réimsí ETIM agus ETIMF agus ar ár ról i gcothú na chéad ghlúine eile de nuálaíochta. Sa bhliain chéanna, bronnadh gradam **'Oideachasóir na Bliana'** ar Mhúinteoir Sinéad. Ba é eso an dara huair a bhuaigh múinteoir de chuid CGNM an gradam agus an tríú huair a ainmníodh duine dár múinteoirí.

Tugann muid deiseanna dár ndaltaí an fhoghlaim seo a chur i bhfeidhm taobh amuigh den seomra ranga freisin. Ghlac muid páirt i gcomórtais ar nós **FIRST LEGO League** agus **SciFest**, agus bíonn ár bhfoireann ag tabhairt faoin bhforbairt ghairmiúil go rialta le soláthraithe teicneolaíochta oideachais ar nós **'Select'**. In 2025, roghnaíodh Múinteoir Amy chun ionadaíocht a dhéananh ar an scoil ag ceanncheathrú Apple i Londain, áit ar tugadh léargas ar an dea-chleachtas is fearr maidir le húsáid iPad 1:1 san oideachas.

Tá obair dhigiteach ár ndaltaí curtha os comhair lucht féachana náisiúnta ar an teilifís agus, in 2026, fuair ár ndalta **Conall Ó Raghalaigh ardmholadh** ag **Comórtas an Eolaí Óig**. Léiríonn na héachtaí seo ár dtiomantas do chruthaitheacht, nuálaíocht agus úsáid éifeachtach na teicneolaíochta mar chuid d'eispéireas foghlama ár ndaltaí.

STEAM education is embedded throughout the curriculum at Coláiste Ghlór na Mara. We use 1:1 Apple iPad technology to enhance teaching and learning, with our teachers creating high-quality digital notes and resources as Gaeilge, tailored to the learning needs of our students.

In 2024, Kinia nominated Coláiste Ghlór na Mara as **'School of the Year'**, recognising our work in STEM and STEAM and our role in inspiring the next generation of innovators. That same year, Múinteoir Sinéad was named **'Educator of the Year'**. This marked the second time a CGNM teacher had won the award and the third time one of our teachers had been nominated.

Our students are encouraged to put this learning into practice beyond the classroom. We have participated in competitions including FIRST LEGO League and SciFest, while our staff regularly undertake professional development with educational technology providers such as Select. In 2025, Múinteoir Amy was selected to represent the school at Apple's London headquarters, gaining further insight into best practice in 1:1 iPad education.

Our students have also appeared on **national television** showcasing **digital experiments**, and in 2026, Conall Ó Raghallaigh received a **Highly Commended** award at the **Stripe Young Scientist & Technology Exhibition**. These achievements reflect our commitment to creativity, innovation and the meaningful use of technology throughout our students' learning experience.

POBAL | FOGHLAIM | EISPÉIRIS | FÁS | FORBAIRT

Deiseanna gan teorainn

Na hEalaíona
Creative Arts

Ealain
Ceol
Dráma
Damhsa
Cruthaitheacht

Áit do gach tallann
A place for every talent

Tá an chruthaitheacht i gcroílár shaol Choláiste Ghlór na Mara. Ó cheardlanna drámaíochta agus damhsa sa tSraith Shóisearach go clubanna léitheoireachta, seisiúin cheoil thraidisiúnta, cór, bannaí rac-cheoil agus ár gceoldráma mór bliantúil, tugtar deiseanna dár ndaltaí a gcuid tallann a aimsiú, a fhorbairt agus a rsinnt.

Creidimid go láidir i luach na n-ealaíon maidir le **muinín, féinléiriú, comhoibriú agus cruthaitheacht** a chothú. Cibé acu ar an ardán, taobh thiar de na radhairc, i mbanna ceoil nó mar chuid de ghrúpa cruthaitheach, tá áit ann do gach dalta páirt a ghlacadh.

Tá traidisiún láidir ceoldrámaíochta againn sa scoil agus tugann ár léiriú bliantúil deis do líon mór daltaí a bheith páirteach mar aisteoirí, amhránaithe, damhsóirí agus baill den fhoireann léiriúcháin.

Creativity is at the heart of life at Coláiste Ghlór na Mara. From drama and dance workshops at Junior Cycle to book clubs, traditional music sessions, choir, rock groups and our major annual school musical, students are encouraged to discover, develop and share their talents.

We believe strongly in the power of the arts to build **confidence, self-expression, collaboration** and **creativity.** Whether performing on stage, working behind the scenes, playing in a band or taking part in another creative group, there is an opportunity for every student to get involved.

Our annual musical has become a proud school tradition, bringing large numbers of students together as actors, singers, dancers and members of the production team.



Ceoldrámaíocht



Cruthaitheacht



Bannaí



Ealaín



Ceol traidisiúnta



Pobal

Ár gCeoldrámaí
Our Musicals

2018	Mamma Mia: Stíl Bhaile Brigín
2019	Sister Acht
2020	Grease Beo go Deo
2021	Siar Chuig na 80í
2022	Na Commitments
2023	Breáthacht agus an Brúid
2024	High School Musical
2025	The Wizard of Oz
2026	Disco Inferno
2027	Popstars: Ceoldráma na 90í

An chéad scéal eile ar an ardán...
The next story on stage...

Cruthaitheacht • Tallann • Muinín • Féinléiriú • Pobal

Spórt Sport

Ní neart go cur le chéile

Stronger together

Spórt do chách

Sport for everyone

















Tá an spórt i gcroílár shaol Choláiste Ghlór na Mara. Cuirtear réimse leathan spóirt agus gníomhaíochtaí aclaíochta ar fáil dár ndaltaí, agus spreagtar gach dalta chun páirt a ghlacadh, triail a bhaint as rud éigin nua agus taitneamh a bhaint as saol gníomhach.

Creidimid go bhfuil ról tábhachtach ag an spórt i bhforbairt an duine óig. Trí bheith páirteach i bhfoirne agus i gcomórtais, cothaítear **muinín, obair foirne, ceannaireacht, athléimneacht agus cairdeas**, chomh maith le sláinte agus folláine fhisiciúil.

Tá traidisiún láidir againn maidir le hardchaighdeán spóirt. In 2022, bhuaigh **Seán Ó Cróinín bonn cré-umha** ar son na hÉireann sa 1500m ag leibhéal idirnáisiúnta. Tá ionadaíocht déanta ag daltaí eile d'Éirinn ina gcuid spóirt, Luca Cailloce sa sacar ina measc, agus déanann daltaí agus baill foirne ionadaíocht rialta dá gclubanna agus dá gconteetha sna cluichí Gaelacha agus i spóirt eile.

Tá ár bhfoireann tiomanta do dheiseanna seach-churaclaim a chruthú dár ndaltaí. Má tá suim nó tallann ag dalta i spórt nach bhfuil á thairiscint againn cheana féin, bímid oscailte i gcónaí do dheiseanna nua a fhiosrú agus tacú leo.

Sport is at the heart of life at Coláiste Ghlór na Mara. Students can choose from a wide range of sports and physical activities, with everyone encouraged to get involved, try something new and enjoy an active school experience.

We believe that sport plays an important role in the development of young people. Through teams, training and competition, students develop **confidence, teamwork, leadership, resilience and friendship**, alongside physical health and wellbeing.

Our school also has a proud tradition of sporting achievement. In 2022, **Seán Ó Cróinín won a bronze medal** for Ireland in the 1500m at international level. Other students have represented Ireland in their chosen sports, including Luca Cailloce in soccer, while many of our students and staff represent their clubs and counties in Gaelic games and other sports.

Our staff go above and beyond to create extra-curricular opportunities for our students. If a student has a passion or talent for a sport that we do not currently offer, we are always open to exploring new opportunities and finding ways to support them.

Dream Train Achieve

Rogha Spóirt/Our students continuously excel in the following sports:

Peil Ghaelach/ Gaelic football	Iomáint/Camógaíocht Hurling/Camogie	Cispheil/ Basketball
Sacar/Soccer	Snámh/Swimming	Lúthchleasaíocht/ Athletics
Badmantan/Badminton	Rugbaí/Rugby	Galf/Golf

- 2018/2022: Craobh na hÉireann Buachaillí (Sacar)
- 2022: Seaimpíní BÁC Cailíní & Buachaillí (Cispheil)
- 2024/2026: Craobh Laighean Cailíní (Peil)

Triail éigin nua! Try something new!

Foireann • Muinín • Athléimneacht • Sláinte • Uaillmhian

Teangacha Languages

"Tuilleadh teangacha, tuilleadh deiseanna"

More languages, brighter futures

Gaeilge
Français
Español
Erasmus+











Is í an Ghaeilge croí agus anam Choláiste Ghlór na Mara. Mar Ghaelcholáiste, mairimid agus foghlaimímid trí Ghaeilge gach lá, agus táimid tiomanta do chaidreamh dearfach, nádúrtha agus bródúil leis an teanga a chothú i measc ár ndaltaí.

Cuirtear an Ghaeilge chun cinn ar fud shaol na scoile trí **dhrámaíocht, díospóireachtaí, duaiseanna, Gaeilge 21, Seachtain na Gaeilge, comharthaíocht spreagúil, turais** Ghaeltachta agus ár gceoldráma mór bliantúil trí Ghaeilge. Tugann na deiseanna seo deis dár ndaltaí an Ghaeilge a úsáid mar theanga bheo chumarsáide, chruthaitheachta agus chairdis.

Tá **Fraincis agus Spáinnis** ar fáil go dtí leibhéal na **hArdteistiméireachta** freisin, agus cuirtear béim láidir ar fhoghlaim teangacha agus ar chumarsáid idirchultúrtha trínár gclár **Erasmus+**. Ó 2018 i leith, ghlac daltaí CGNM páirt i malartuithe agus eispéiris idirnáisiúnta sa **Fhrainc**, sa Ghailís, sa Phortaingéil, i dTír na mBascach, sa Bheilg **agus san Ostair.**

In 2025, **bhain Laoise Ní Mhuircheartaigh** éacht iontach amach nuair a ghnóthaigh sí an toradh is airde i gCúige Laighean i gcomórtas mór le rá an Aontais Eorpaigh, Aistritheoirí Óga **(Juvenes Translatores).**

The Irish language is at the heart and soul of Coláiste Ghlór na Mara. As a Gaelcholáiste, Irish is the living language of our school community, and we are committed to nurturing a positive, natural and confident relationship with the language among our students.

Irish is celebrated throughout school life through **drama, debating, awards, Gaeilge 21, Seachtain na Geeilge, inspirational signage, Gaeltacht trips and** our major annual musical performed through Irish. These opportunities allow students to experience Irish not simply as a school subject, but as a living language of communication, creativity and friendship.

We also offer **French and Spanish** to Leaving Certificate level, while **language learning** and intercultural communication are central to our **Erasmus+** programme. Since 2018, CGNM students have participated in exchanges and international experiences in France, Galicia, Portugal, the Basque Country, Belgium and Austria.

In 2025, **Laoise Ní Mhuircheartaigh** achieved an outstanding result, receiving the highest result in Leinster in the European Union's prestigious **Juvenes Translatores (Young Translators)** competition.

An Ghaeilge: Beatha Teanga Í a Labhairt

Français

Español

Erasmus+
Expanding minds, changing lives

Eispéiris Níos Leithne
A World of Opportunities

Gaeilge | Cumarsáid | Cultúr | Teangacha | An Eoraip

Níos faide le chéile
Further together

Imeachtaí Seach-Churaclaim
Extra-Curricular Activities

Bain triail as rud éigin nua!
Try something new!

Níos mó ná ranganna
More than just classes











Clubanna Turais Tmeachtaí Pobal Spraoi

Discover Create Be part of it!

Ní chríochnaíonn saol na scoile nuair a bhuaileann an clog!
Tá réimse leathan clubanna, gníomhaíochtaí, imeachtaí, seachtainí feasachta agus turais ar fáil do dhaltaí Choláiste Ghlór na Mara i rith na bliana.

Creidimid go bhfuil ról ríthábhachtach ag imeachtaí seach-churaclaim i bhforbairt an duine óig. Tugann siad deis do dhaltaí **cairde nua a dhéanamh, buanna nua a aimsiú, muinín a fhorbairt agus a bheith mar chuid ghníomhach dár bpobal scoile.**

Tá ár gcuid gníomhaíochtaí á stiúradh agus á dtacú ag dfoireann na scoile, agus bímid i gcónaí ag forbairt deiseanna nua bunaithe ar shuimeanna ár ndaltaí. Spreagaimid daltaí na Chéad Bliana go háirithe chun triail a bhaint as rud éigin nua agus páirt iomlán a ghlacadh i saol na scoile.

Bain triail as. Glac páirt. Aimsigh do rud féin.

School life doesn't end when the bell rings!
Throughout the year, students at Coláiste Ghlór na Mara can choose from a wide range of clubs, activities, events, awareness weeks and trips.

We believe that extra-curricular involvement plays an important role in the development of young people. It gives students opportunities to **make new friends, discover new talents, build confidence and become active members of our school community.**

Our activities are led and supported by members of staff, and we are always developing new opportunities based on the interests of our students. We particularly encourage our incoming First Years to try something new and immerse themselves in everything school life has to offer.

Try something. Get involved. Find your thing.

- Club Fichille/ Chess Club
- Erasmus+
- Junk Kouture
- Scifest
- Díospóireacht/ Debating
- Staidéar Maoirsithe/ Supervised Study
- Seachtain Staire/ History Week
- Seachtain Chairdis/ Friendship Week
- Turais Thar Lear/ TY Trip Abroad
- Gaeilge 21
- An Coiste Timpeallachta/ Green Schools
- An ceoldráma/ Annual Musical
- Cór & Grúpa Traid/ Choir & Trad Group
- Grianghrafadóireacht/ Photography

Deiseanna Gan Teorainn
Opportunities Without Limits

Cairdeas Friendship | Rannpháirtíocht Participation | Spraoi Fun | Pobal Community | Deiseanna Opportunities



Iardhaltaí CGNM

Ó CGNM... chuig an domhan mór

From CGNM... to the world



Laoise Ní Mhuircheartaigh (Ardteist 2026)

Innealtóireacht

Bhí Laoise mar Leas-Ardchinire na scoile in 2025–2026 agus ghnóthaigh sí 625 pointe san Ardteistiméireacht. Tá céim san Innealtóireacht Mheicniúil tosaithe aici anois in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Labhraíonn Laoise go ceanúil faoin eispéireas iontach a bhí aici i gColáiste Ghlór na Mara agus faoin gcaoi ar chuidigh an scoil léi a cuid uaillmhianta agus briongloídí don todhchaí a bhaint amach.

Laoise was Deputy Head Girl in 2025-2026 and achieved the maximum 625 points in her Leaving Certificate exams. She has began a degree in Mechanical Engineering in Queens University, Belfast. Laoise speaks fondly of her experiences in Coláiste Ghlór na Mara, and credits the school with helping her achieve her dreams.



Eóin Wayne Ardteist 2025

Matamaitic

Ghnóthaigh Eóin **625 pointe san Ardteistiméireacht** agus bhain sé ceann de na torthaí ab airde sa tír amach san Innealtóireacht. Bronnadh Scoláireacht Naughton air, gradam mór le rá a thacaíonn le mic léinn ardchumasacha atá ag tabhairt faoi chúrsaí ETIM. Tá Eóin anois ag déanamh staidéir ar **Mhatamaitic** i **gColáiste na Trionóide**, Baile Átha Cliath, áit ar bronnadh scoláireacht iontrála air freisin.

*Eóin achieved the maximum **625 points** in his Leaving Certificate and achieved one of the country's highest results in Engineering. He was awarded the prestigious Naughton **Scholarship**, supporting exceptional students pursuing STEM at third level. Eóin is now studying **Mathematics** at **Trinity College Dublin**, where he also received an entrance scholarship.*



Katie Ní Aimheirgín Ardteist 2023

Eitlíocht

Thosaigh Katie ag traenáil mar phíolóta agus í fós ina dalta i **CGNM**, agus bhí sé mar sprioc aici eitilt le hAerchór na hÉireann. Ó bhain sí céim amach in 2023, tá sí tar éis leanúint lena haisling san eitlíocht agus bhí sí chun tosaigh i bhfeachtas earcaíochta náisiúnta an Aerchóir.

*Katie began training as a pilot while she was still a student at CGNM, already knowing that her ambition was to fly with the **Irish Air Corps**. Since graduating in 2023, she has continued to pursue her dream in aviation and has featured prominently in the Air Corps' national recruitment campaign.*



Érinn Gunnery Ardteist 2022

Dlí

Ba í Érinn an chéad dalta ó CGNM a ghnóthaigh scoláireacht chónaithe Teach na Gaeilge in UCD, agus tá iardhaltaí eile tar éis leanúint ina lorg ó shin. Tá sí ag déanamh staidéir ar an **Dlí** in UCD agus tá ról ionadaíochta aici ar a clár céime. Deir Érinn gur chuidigh an tacaíocht agus an treoir a fuair sí i CGNM go mór lena muinín a fhorbairt.

*Érinn was the first CGNM student to receive UCD's prestigious **Teach na Gaeilge** residential scholarship, with other CGNM graduates following in her footsteps. She is now studying Law at UCD and holds a representative role within her degree sho received at CGNM with helping her develop her confidence.*



Jamie Ó Dúfaigh Ardteist 2020

Fionntraíocht

Bhí Jamie ar dhuine den chéad ghrúpa daltaí a d'fhreastail ar CGNM. Bhain sé BA sa Ghaeilge agus sa Ghnó amach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ina dhiaidh sin, lean sé a phaisean agus bhunaigh sé a ghnólacht féin, **JD Studio**, ina cheantar dúchais. Is bearbóir aitheanta, gradaim é Jamie agus tá aitheantas idirnáisiúnta bainte amach ag a chuid oibre. In 2026, d'oscail Jamie an dara **JD Studio** i nDroichead Átha.

*Jamie was a member of the very first group of students to enrol in CGNM. After graduating from DCU with a BA in Irish and Business, he followed his passion into entrepreneurship, establishing JD **Studio** in his hometown of Bettystown. An award-winning barber, Jamie's work has gained international recognition. In 2026, Jamie opened his second **JD Studio** in Drogheda.*



Aisling Lignon Ardteist 2022

Leigheas Tréidliachta

Ghnóthaigh Aisling **625** pointe san Ardteistiméireacht agus bronnadh scoláireacht iontrála UCD uirthi. Tá sí anois ag déanamh staidéir ar Leigheas **Tréidliachta**, agus tá taithí phraiticiúil faighte aici ar fheirmeacha ar fud na hÉireann agus i gclinicí ainmhithe beaga.

*Aisling achieved the maximum **625 points** in her Leaving Certificate and was awarded a UCD Entrance Scholarship. She is now studying **Veterinary Medicine** and has gained practical experience on farms throughout Ireland and in small-animal veterinary clinics.*

Briongloídí • Uaillmhian • Misneach • Rath • Todhchaí

tús maith, leath na hoibre



Barr Feabhais sna Scrúduithe Ardteistiméireachta

Continued Academic Excellence in Leaving Certificate Examinations

Big Dreams Brighter Futures

Tá traidisiún láidir barr feabhais acadúil forbartha ag daltaí Choláiste Ghlór na Mara. Gach bliain, téann ár ndaltaí ar aghaidh chuig réimse leathan cúrsaí tríú leibhéal agus gnóthaíonn siad scoláireachtaí acadúla, spóirt agus Gaeilge sna hollscoileanna is mó sa tír.

Students of Coláiste Ghlór na Mara have developed a proud tradition of academic excellence. Each year, our graduates progress to a diverse range of third-level courses and are awarded prestigious academic, sporting and Irish-language scholarships.



Laoise Ní Mhuircheartaigh

625 pointe
Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
Innealtóireacht Mheicniúil

625 points
Queen's University Belfast
Mechanical Engineering



Eoin Lignon

625 pointe
Scoláireacht Iontrála Acadúla, UCD
Innealtóireacht

625 points
UCD Academic Entrance Scholarship
Engineering



Eóin Wayne

625 pointe
Scoláireacht Iontrála, Coláiste na Tríonóide
Matamaitic

625 points
Trinity College Dublin
Entrance Scholarship
Mathematics



Micheál Ó Cathail

Scoláireacht Ghaeilge, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Oideachas & Nua-Theangacha Eorpacha



Emmett Ó Broin

Scoláireacht Ghaeilge, Coláiste na Tríonóide • FEPES

Trinity College Dublin
Irish-Language Scholarship
Philosophy, Political Science, Economics & Sociology



Killian Cailloce

Scoláireacht Spóirt, UCD
Teangacha Eorpacha

UCD Sports Scholarship
European Languages



Andrew Minto

Scoláireacht Iontrála Acadúla, Coláiste na Tríonóide
Polaitíocht & Stair

Trinity College Dublin
Academic Entrance Scholarship
Politics & History



Meadhbh Ní Shúilleabháin

Scoláireacht Iontrála Acadúla, UCD
Ailtireacht

UCD Academic Entrance Scholarship
Architecture



Colette Ní Mhuircheartaigh

Scoláireacht Teach na Gaeilge, UCD
Gnó & Dlí

UCD Teach na Gaeilge Scholarship
Business & Law



Darragh Mac Giolla Dhuibh

Scoláireacht Spóirt, DCU
Oideachas & Traenáil

DCU Sports Scholarship
Education & Training



Luca Cailloce

Scoláireacht Spóirt, UCD
Teangacha Eorpacha

UCD Sports Scholarship
European Languages



Darragh Cinsealach Ó Cáis

533 pointe • 100% sa scrúdú Staidéir Foirgníochta
DCU • Gnó

533 points • 100% in the Construction Studies examination
DCU • Business

Díograis *Dedication* | Ardchaighdeán *Excellence* | Uaillmhian *Ambition* | Éacht *Achievement* | Barr Feabhais *Success*



Tréadchúram & Folláine
Pastoral Care & Wellbeing

Tá folláine gach dalta i gcroílár shaol Choláiste Ghlór na Mara. Is é ár gcuspóir daltaí sona, muinineacha, freagracha agus athléimneacha a chothú, i dtimpeallacht ina mothaíonn siad sábháilte, measúil agus mar chuid dár bpobal scoile.

Cuirtear Guth an Scoláire chun tosaigh agus déantar cinnte de go mbíonn riachtanais an dalta mar bhonn lenár gcur chuige. Trí éisteacht lenár ndaltaí, faighimid tuiscint níos fearr ar na riachtanais shíorathraitheacha atá acu. Bíonn ár **gCinnirí** ar fáil chun éisteacht le daltaí agus aiseolas a thabhairt don bhainistíocht shinsearach, agus **tugann Cinnirí na Chéad Bliana** tacaíocht ar leith do dhaltaí nua agus iad ag aistriú ón mbunscoil.

Tá Roinn Treorach láidir againn freisin, faoi stiúir ár gComhairleora Treorach, **Múinteoir Gavin**, in éineacht lenár gcomhairleoirí **Bonita agus Tracey.** Cuirtear tacaíocht ar fáil do dhaltaí maidir le ceisteanna sóisialta agus pearsanta, eagrúchán, imní agus aistriú. Is féidir coinní a dhéanamh trí Cheannaire Bliana, trí bhainistíocht, ar iarratas tuismitheora nó trí fhéin-atreorú. Buaileann **Múinteoir Gavin** le gach dalta **Idirbhliana agus Séú Bliana** freisin chun cabhrú leo pleanáil dá dtodhchaí tar éis CGNM.

Trí OSPS, OSSP agus Corpoideachas, chomh maith lenár gclár leathan tréadchúraim agus folláine, tugtar deiseanna do dhaltaí foghlaim fúthu féin, caidrimh dhearfacha a fhorbairt agus na scileanna a theastaíonn uathu don saol a chothú. Déanaimid ceiliúradh freisin ar éachtaí ár ndaltaí — idir éachtaí acadúla agus pearsanta — ag ár searmanais aitheantais scoile.

The wellbeing of every student is at the heart of life at Coláiste Ghlór na Mara. Our aim is to nurture happy, confident, responsible and resilient young people in an environment where they feel safe, respected and connected to our school community.

Student Voice is central to our approach. By listening to our students, we develop a better understanding of their changing needs and ensure that the student remains at the centre of school life. Our prefects provide an important link between students and senior management, while our **First Year Prefects** offer particular support to new students as they make the transition from primary to secondary school.

Our Guidance Department provides another important layer of support. It is led by our Guidance Counsellor, **Múinteoir Gavin,** alongside counsellors **Bonita and Tracey,** who support students with personal and social concerns, organisation, anxiety and transition. Students can access this support through their Year Head or management, following a parental request, or through self-referral. Múinteoir Gavin also meets individually with every **Transition Year and Sixth Year** student to help them explore and plan for life beyond CGNM.

Through SPHE, CSPE and Physical Education, alongside our wider pastoral care and wellbeing programme, students are encouraged to understand themselves, develop positive relationships and build the skills they need for life. We also celebrate the achievements of our students — academic, personal and otherwise — through our whole-school recognition ceremonies.











Cúram Care | Meas Respect | Muinín Confidence | Tacaíocht Support | Muintearas Belonging

Áiseanna den Scoth
Excellent Facilities

Timpeallacht iontach do gach dalta

An inspiring environment for every student

Tá foirgneamh úrnua againn, cois trá. Tá neart áiseanna ar fáil againn. Ina measc:

Our new school building is a state of the art modern school facility! We have so much to offer:









Daltaí Deiseanna Todhchaí

- **Leabharlann** — Library
- **Saotharlanna** — Science Labs
- **Seomra Adhmadóireachta** — Woodwork Room
- **Cistiní EB** — Home Ec Kitchens
- **Rang Lír** — Autism Class
- **Caintín** — Canteen
- **Halla Spóirt** — Sports Hall
- **Giom** — State of the art gym
- **Cúirteanna Cispheile** — Basketball Courts
- **Páirceanna Peile** — Pitches
- **Seomra Ranga Lasmuigh** — Outdoor classrooms
- **Stiúideo Ealaíne** — Art Studios
- **Oifigí Treorach** — Guidance Offices
- **Seomraí Ceoil** — Music Rooms
- **Halla Staidéir** — Study Hall
- **Seomraí Ranga Ábhair** — Subject-Specific Classrooms
- **Seomraí Machnaimh** — Reflection Rooms
- **Úllord** — Orchard
- **Rothair** — Class set of Bicycles
- **Seomra Teicstílí** — Textiles Room

níos mó ná scoil... pobal ar leith

More than a school... a community

COLÁISTE
GHLÓR NA MARA
BAILE BRIGÍN
MEAS

Ionchuimsitheacht

Rang Lir

Rang Uathachais / Autism Class



Tacaíocht

Tá 3 rang uathachais ag Coláiste Ghlór na Mara faoi láthair, ar a dtugtar Rang Lir. Faigheann daltaí tacaíocht cuí laistigh de Rang Lir agus nuair a bhíonn siad comhtháite i ranganna príomhshrutha. Cinntíonn sé sco gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh i bpobal nios leithne na scoile. Tarlaíonn comhtháthú droim ar ais go rialta freisin, rud a ligeann do dhaltaí príomhshrutha páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí laistigh de Rang Lir, ag cothú tuisceana agus cuimsithe frithpháirteach.



Foghlaim

Coláiste Ghlór na Mara currently has 3 Autism classes, known as Rang Lir. Students receive tailored support both within Rang Lir and when integrated into mainstream classes. This ensures they can participate fully in the broader school community. Reverse integration also regularly occurs allowing mainstream students to participate in activities within Rang Lir, *fostering mutual understanding and inclusion.*



Comhtháthú

Tá seomra céadfach i Rang Lir a chuireann spás suaimhneach ar fáil ina bhféadfaidh daltaí a n-ionchur céadfach a rialáil. In 2025, shuigh na cead dhaltaí ó Rang Lir Scrúduithe na hArdteistiméireachta. D'éirigh thar barr leo, agus táimid an-bhródúil astu.

Rang Lir has a dedicated sensory room that offers a calming space where students can regulate their sensory input. Last year was the first year for our students from Rang Lir to sit their Leaving cert, they did incredibly well, and we are extremely proud of them.



Spás don Chách

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine

COLÁISTE GHLÓR NA MARA
BAILE BRIGÍN
MEAS

An té a bhíonn siúlach, bíonn scéalach

Turais Thar Lear
International Trips

Leathnaíonn taistil aigne an duine



Tá an domhan mar chuid dár seomra ranga.
Ceann de bhuaicphointí shaol na ndaltaí i gColáiste Ghlór na Mara ná na deiseanna iomadúla atá acu taisteal thar lear, cultúir nua a fhiosrú agus cuimhní a chruthú lena gcairde.

San Idirbhliain, tugtar deis do gach dalta páirt a ghlacadh sa turas mór **scoile thar lear,** faoi chúram fhoireann thiomanta na scoile. Is féidir le daltaí páirt a ghlacadh freisin i **Erasmus+,** ag foghlaim agus ag obair le daltaí ó scoileanna ar fud na hEorpa. Tugtar deis d'iarrthóirí Tíreolaíochta na hArdteisttiméireachta taisteal chuig réigiúin Eorpacha a ndéanann siad staidéar orthu sa seomra ranga.

Ní turais amháin iad seo — cruthaítear cairdeas, neamhspleáchas, muinín agus cuimhní a mhaireann ar feadh an tsaoil.

EXPLORE LEARN GROW





The world is part of our classroom.
One of the highlights of student life at Coláiste Ghlór na Mara is the opportunity to travel abroad, experience new cultures and create unforgettable memories with friends.

During Transition Year, every student is offered the opportunity to join our **major international school tour,** accompanied by a dedicated team of CGNM staff. Students can also participate in **Erasmus+,** learning and working alongside students from schools across Europe. Leaving Certificate Geography students may also travel to European regions studied as part of their course.

These are more than school trips — they build friendships, independence, confidence and memories that last a lifetime.

NEW PLACES BRIGHTER MINDS



GOOD FRIENDS GREAT JOURNEYS

Cultúr Nua Cairde Nua Cuimhní Sioraí

AN EORAIP
EISPÉIRIS
CAIRDEAS
FÁS

2018 — Tours, An Fhrainc
2019 — Loch Garda, An Iodáil
2020 — Galicia, An Spáinn
2021 — Guimarães, An Phortaingéil
2022 — Rheinland, An Ghearmáin

2023 — Barcelona
2024 — Sorrento & An Róimh; An Iodáil; An Bheilg; Bilbao; Tír na mBascach
2025 — Baváir na Gearmáine & An Ostair; Guimarães; An Phortaingéil
2026 — Loch Garda; An Bheilg; Sciáil sa Pholainn; Guimarães; Tours; Könz; An Ghearmáin
2027 — Budapéist, Vín & Prág; Sciáil sa Pholainn; An Bheilg

An Domhan mar Sheomra Ranga
The World as Our Classroom

Taisteal • Cairdeas • Cultúr • Eachtraíocht • Cuimhní
Travel • Friendship • Culture • Adventure • Memories

COLÁISTE GHLÓR NA MARA
BAILE BRIGÍN

MEAS

Ár dTeanga
Ár bPobal
Ár dTodhchaí

An Tumoideachas
Irish-Medium Education

Beatha teanga í a labhairt

The life of a language is in speaking it.





Baile an Bhiataigh
Baile Brigín
Sord Cholmcille





Ní hamháin gur ábhar í an Ghaeilge i gColáiste Ghlór na Mara — is í teanga ár gcuid foghlama, cumarsáide agus pobail í. Tríd an tumoideachas, tugtar deis do dhaltaí ardleibhéal inniúlachta a bhaint amach sa Ghaeilge agus iad ag tabhairt faoin gcuraclam iomlán trí mheán na teanga.

Cuireann an tumoideachas ar chumas daltaí **scileanna láidre teanga agus cumarsáide** a fhorbairt, agus cothaíonn sé muinín iontu agus iad ag feidhmiú go nádúrtha trí níos mó ná teanga amháin. Ag an am céanna, faigheann daltaí tuiscint agus meas níos doimhne ar **theanga, cultúr agus oidhreacht na hÉireann**, agus bíonn an Ghaeilge ina teanga bheo ina saol laethúil.

Táimid thar a bheith bródúil as caighdeán an teagaisc agus na foghlama i CGNM. Tá saineolas ábhair den scoth ag ár múinteoirí, agus tá taithí agus saineolas ar leith ag ár bhfoireann ar **oideachas lán-Ghaeilge** agus ar an **tumoideachas**. Inár **Meastóireacht Scoile Uile in 2025**, thug Cigireacht na Roinne Oideachais aitheantas ar leith d'ardchaighdeán an teagaisc agus na foghlama sa scoil.

Is é an toradh ná timpeallacht ina bhfaigheann daltaí **oideachas ardchaighdeáin trí Ghaeilge**, agus ina bhforbraíonn siad na scileanna, an mhuinín agus an uaillmhian chun barr a gcumais a bhaint amach.

Irish is not simply a subject at Coláiste Ghlór na Mara — it is the language of our learning, communication and community. Through immersion education, students have the opportunity to develop a high level of proficiency in Irish while studying the full curriculum through the language.

Immersion education enables students to develop **strong language and communication skills,** building their confidence in using more than one language naturally and effectively. At the same time, students develop a deeper appreciation of **Ireland's language, culture and heritage,** experiencing Irish as a living language that forms part of their everyday lives.

We are exceptionally proud of the standard of teaching and learning at CGNM. Our teachers bring strong subject specialisms to their classrooms, alongside significant expertise and experience in Irish-medium and immersion education. Our **2025 Whole-School Evaluation** by the Department of Education also recognised the exceptionally high standard of teaching and learning within the school.

The result is an environment where students receive a **high-quality education through Irish**, while developing the skills, confidence and ambition to achieve their full potential.

MEASTÓIREACHT SCOILE UILE 2025
WHOLE-SCHOOL EVALUATION 2025
"Exemplary teaching"
Cigireacht na Roinne Oideachais
Department of Education



Teanga • Foghlaim • Féiniúlacht • Muinín • Barr Feabhais

Language • Learning • Identity • Confidence • Excellence

Baile Brigín níos mó ná áit, pobal

More than a place — a community

COLÁISTE GHLÓR NA MARA
BAILE BRIGÍN
MEAS

Níos mó ná scoil... pobal!

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine

Lean orainn!
Follow us!



Ár mbaile
Our home

Coinnigh suas chun dáta le saol Choláiste Ghlór na Mara.
Nuacht, imeachtaí, spórt, turais, Erasmus+, an ceoldráma agus neart eile!

Keep up to date with life at Coláiste Ghlór na Mara –
news, events, sport, trips, Erasmus+, our annual musical and much more!

Suíomh na Scoile
Website

Faigh níos mó
Explore more

Facebook

Buail linn
Like us

Instagram

Lean sinn
Follow us

YouTube

Féach ár scéal
Watch our story

Bí linn. Lean orainn. Bí mar chuid dár bpobal.
Join us. Follow us. Be part of our community.

Same place
Further
together



Óg. Saor. Gaelach.



Meas • **Foghlaim** • **Pobal** • **Deiseanna** • **Todhchaí**
Respect • *Learning* • *Community* • *Opportunities* • *Future*


Mile buiochas